



## Aighneacht

*Ráiteas Straitéiseach 2021 - 2023*

*An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,*

*Taighde, Nuálaíochta*

*agus Eolaíochta*

**Samhain 2020**

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a dhéanamh don Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse 2021 – 2023.

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge. Tá níos mó ná 200 craobh agus an iliomad ball aonair ag an gConradh ar fud na cruinne, baill a bhíonn ag saothrú chun úsáid na teanga a chur chun cinn ina gceantar féin. Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a spreagadh mar ghnáth-theanga labhartha na hÉireann. Bhunaigh Dubhghlas de hÍde, Eoin Mac Néill, agus comhghleacaithe leo Conradh na Gaeilge ar 31 Iúil 1893. Tá idir ranganna Gaeilge; abhcóideacht ar son chearta teanga; fheachtais fheasachta; Seachtain na Gaeilge le Energia; PEIG.ie, lárphointe eolais don Ghaeilge; An Siopa Leabhar; thacaíocht do Raidió Rí-Rá; agus eile ar bun ag an eagraíocht ó shin i leith. Tuilleadh eolais: [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie).

Tá an aighneacht seo bunaithe ar thaithí na heagraíochta, ar ról Chonradh na Gaeilge mar cheanneagraíocht sa réimse Chosaint Teanga agus Ionadaíochta ar son phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, agus ar obair na heagraíochta sa réimse tríú leibhéal, ach go háirithe agus foireann an Chonartha ag plé le mic léinn i ngach institiúid thríú leibhéal sa tír.

San aighneacht táimid ag díriú ar ról na Roinne maidir lena freagrachtaí as beartas, cistiú agus rialachas na n-earnálacha breisoideachais agus ardoideachais agus taighde agus as maoirseacht a dhéanamh ar obair na ngníomhaireachtaí Stáit agus na n-institiúidí poiblí a oibríonn sna réimsí sin.

## MOLTAÍ

### **Treoirphrionsabail An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta linn na tréimhse an Phlean Straitéise**

- Go bhfuil ceart ag mic léinn na tíre oideachas tríú leibhéal i nGaeilge a fháil
- Go bhfuil ceart ag mic léinn na tíre seirbhísí trí Ghaeilge a fháil ó na húdaráis in aon choláiste tríú leibhéal
- Go bhfuil ceart ag mic léinn na tíre a saol ar an gcoláiste a chaitheamh trí Ghaeilge chomh fada is gur féidir. Chuige sin ba chóir go mbeadh bun uirlisí cumarsáide an choláiste ar fáil as Gaeilge ar nós an chórais ríomhphoist agus córas bainistíochta foghlama an choláiste
- Go bhfuil gá le cur chuige nua agus plean forbartha faoi leith a bheith ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun oideachas tríú leibhéal i nGaeilge a chinntiú
- Go bhfuil gá rogha Gaeilge a chur ar fáil do mhic léinn aosach
- Go bhfuil gá a chinntiú go ndéanfar freastal ar mhic léinn Ghaeltachta agus go gcuirfear gníomhaíochtaí sonracha i bhfeidhm mar thacaíocht do Pholasaí Um Oideachas Ghaeltachta
- Go mbeadh tacaíocht curtha ar fáil don earnáil phobal dheonach, ina measc na Comharchumainn Ghaeltachta agus Coistí Pleanáil Teanga
- Go bhfuil gá le hOifigeach Gaeilge nó Foireann Gaeilge i ngach coláiste le dualgais an choláiste i leith na Gaeilge a chomhlíonadh

- Go dtabharfaidh an córas oideachas tríú leibhéal cothrom na Féinne don Ghaeilge agus d'oidhreacht na teanga. Chuige sin go rachfar i dteagmháil lena hInstitiúidí lena cinntiú go bhfuil measúnacht déanta acu lena seo a chinntiú, agus polasaithe a athrú mar is cuí, mar shampla: Go dtabharfaidh Ranna Staire an aird chuí ar fhoinsí / peirspictíochtaí Gaelacha, go háirithe maidir le léachtóirí staire gan Gaeilge i dteagasc stair na hÉireann. Le sin tá claonadh in oideachas staire na mac léinn i dtreo foinsí agus peirspictíochtaí an Bhéarla / coilíneacha, rud a bhféadfadh dochar a dhéanamh do chás na Gaeilge ar an mheán

### Beartas na n-earnálacha breisoideachais agus ardoideachais

- Go gcuirfear réimse breise cúrsaí tríú leibhéal ar fáil i nGaeilge; agus chuige seo go ndéanfar taighde i bpáirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an Údarás um Ard-Oideachas ar dhaltáí dara leibhéal na tíre ar na cúrsaí trí Ghaeilge a bheadh spéis acu a dhéanamh ar an tríú leibhéal trí Ghaeilge
- Go mbeidh tairiscint do chúrsa Gaeilge / dioplóma oifrálte (ar líne más gá) do gach mac léinn lánaimseartha nach bhfuil ag staidéar na Gaeilge
- Go mbeidh teacht ar réimse breise cúrsaí tríú leibhéal i nGaeilge (ar líne más gá) do mhic léinn aosach
- Go mbeidh rogha lóistín Gaeilge agus spás nó seomra Gaeilge ar fáil do mhic léinn i ngach coláiste
- Go ndéanfar pleanáil, agus feidhmiú de réir na bpleananna sin, lena chinntiú go mbeidh dóthain céimithe ar fáil le hinniúlacht sa Ghaeilge chun freastal ar na poist nua a chruthófar mar thoradh ar Acht na dTeangacha Oifigiúil (Leasaithe). Faoin Acht beidh gá go mbeidh 20% d'earcaithe nua sa státchóras iniúil sa Ghaeilge
- Go mbeadh aird ag Ranna Teangeolaíochta ar mhic léinn a chumasú ar chúrsaí aisiompú teanga in Éirinn, go háirithe sna Gaeltachtaí. Tá gá níos mó Céimithe a chur ar fáil le scileanna sna réimsí seo ó thaobh cúrsaí pleanála teanga sa Ghaeltacht agus mar chuid den Phleanáil Teanga atá aitheanta in Acht na Gaeltachta 2012 agus i Straitéis 20 Bliain an Rialtas don Ghaeilge
- Go bhforbrófar LMS (blackboard/moodle) nó córas ríomhphoist (Gmail/ Outlook) a bheith ar fáil as Gaeilge mar rogha do gach institiúid
- Go gcinnteofar go bhfuil córais teicneolaíochta na hInstitiúidí éagsúla in acmhainn an leagan ceart Gaeilge(síneadh fada san áireamh) de mhic léinn agus d'fhoireann na hInstitiúidí a thairfead go cruinn, ar chártaí aitheantais/córas na hInstitiúide

### Cistiú na n-earnálacha breisoideachais agus ardoideachais

- Go gcuirfear maoiniú sonrath ar fáil d'Institiúidí tríú leibhéal chun cúrsaí Gaeilge a thairiscint do mhic léinn
- Go gcuirfear maoiniú ar fáil d'obair Chonradh na Gaeilge do na gníomhaíochtaí atá ar siúl acu leis na mic léinn sna hInstitiúidí tríú leibhéal a spreagadh leis an nGaeilge a úsáid agus na deiseanna ann dóibh leis an nGaeilge a úsáid sa saol mór a chur os a gcomhair
- Go gcuirfear scéim maoinithe ar fáil d'Institiúidí tríú leibhéal chun lóistín ar champas a chur ar fáil do mhic léinn Ghaeltachta agus Gaeilge atá tiomnaithe d'úsáid na Gaeilge agus go n-eagrófaí iad ar nós a déantar in ollscoileanna eile ar nós An Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath
- Maidir leis an Deontas Gaeltachta do na hábhair oide, ba cheart go mbeadh sé intuigthe go nglacfaidh an Rialtas freagracht as na costais a bhaineann leis an tréimhse fhoghlama sa Ghaeltacht d'ábhar múinteoirí. Ní bhíonn ar aon dream eile íoc as cuid riachtanach dá gcúrsa nó ní fhaigheann aon dream eile 'deontas' ón Rialtas chun freastal ar chúrsa atá riachtanach

mar chuid den chéim atá ar bun acu. Ba cheart an costas a bhaineann leis an tréimhse fhoghlama sa Ghaeltacht a bhaint óna mic léinn ina iomláine agus socrú a dhéanamh le CONCOS/an Chomhairle Múinteoireachta maidir le conas a íocfar as na mic léinn a chur chun na Gaeltachta go díreach in ionad trína mic léinn

### Rialachas na n-earnálacha breisoideachais agus ardoideachais

- Go mbunófar Coiste Straitéise Gaeilge le ról na Gaeilge sa Roinn agus sa tríú leibhéal a threisiú. Go mbeadh ionadaíocht ar an gCoiste seo ag na hOllscoileanna, ó Aontas na Mac Léinn in Éirinn, Aontas na nDaltaí Iarbhunscoile in Éirinn, Conradh na Gaeilge agus grúpaí leasmhara Gaeilge & Gaeltachta

### Taighde ar obair na ngníomhaireachtaí Stáit agus na n-institiúidí poiblí

- Go mbunófar córas measúnachta chun breithiúnas a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí Gaeilge sna hinstiúidí poiblí a thagann faoi scáth na Roinne
- Go bhfostófar Oifigeach Gaeilge, a bheadh freagrach go díreach d' Ard-Rúnaí na Roinne, chun polasaí na Gaeilge sa Roinn a fheidhmiú

### Maoirseacht ar obair na ngníomhaireachtaí Stáit agus na n-institiúidí poiblí

- Go ndéanfar athbhreithniú rialta, le hionchur neamhspleách, ar fheidhmiú na gníomhaíochtaí Gaeilge sna gníomhaireachtaí agus na hinstiúidí poiblí a thagann faoi scáth na Roinne agus go gcuirfear tuairisc bhliantúil ar fáil bunaithe ar an athbhreithniú seo

### Spreagadh na hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais

- Go dtabharfar aghaidh ar an spreagadh seo tríd an réimse tacaíochta agus maoiniú thuasluaite
- Go dtabharfar treoir do gach institiúid thríú leibhéal leis na rudaí seo a leanas a dhéanamh:
  - Straitéis 5 bliana do chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge san institiúid a chur le chéile
  - Oifigeach Gaeilge a fhostú a bheidh freagrach go díreach do cheannasaí an institiúid le comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise
  - Lóistín ar champas, má tá a leithéid ag an institiúid, a chur ar fáil do mhic léinn Ghaeltachta agus Gaeilge atá tiomnaithe d'úsáid na Gaeilge agus go n-eagrófaí iad ar nós a déantar in ollscoileanna eile ar nós An Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath
  - Coiste Straitéise Gaeilge a chur ar bun leis an straitéis Ghaeilge a chur i bhfeidhm le hionadaíocht leathan ón institiúid féin, ó Aontas na Mac Léinn, ó na Cumainn Ghaelacha, ón nGaeltacht má tá Gaeltacht gar don institiúid, ó ghrúpaí leasmhara ag plé leis an nGaeilge agus ón bpobal níos leithne
  - Go mbeidh tairiscint do chúrsa Gaeilge / dioplóma oifrálte (ar líne más gá) do gach mac léinn lánaimseartha nach bhfuil ag staidéar na Gaeilge

## Taighde forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann

- Go ndéanfar taighde ar na buntáistí a bhaineann leis an ilteangachas agus ról an ilteangachais i gcothú na fiontraíochta agus an éagsúlacht smaointeoireachta atá de dhíth chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a spreagadh
- Go léireofar, mar chuid den taighde sin, ról na Gaeilge ag cothú na mbuntáistí a bhaineann leis an ilteangachas
- Go bhfeidhmeofar clár eolais agus feasachta chun torthaí an taighde seo a phoibliú
- Chun cur le hionchur sóisialta na Roinne go gcuirfear tacaíocht ar fáil don earnáil phobal dheonach, ina measc na Comharchumainn Ghaeltachta agus Coistí Pleanáil Teanga

## Rochtain ar na deiseanna a thioctaidh as an infheistíocht phoiblí agus as an mbeartas poiblí a cheapfar sna hearnálacha sin

- Go ndéanfar taighde i bpáirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an Údarás um Ard-Oideachas ar dhaltaí dara leibhéal na tíre ar na cúrsaí trí Ghaeilge a bheadh spéis acu a dhéanamh ar an tríú leibhéal
- Ag éirí as an taighde luaite thuasluaite, go gcuirfí breis cúrsaí trí mheán na Gaeilge ar fáil sna hInstitiúidí tríú leibhéal
- Go gcuirfear plean feasachta agus margáíochta I bhfeidhm chun mic léinn dara leibhéal a chur ar an eolas faoin réimse cúrsaí Gaeilge atá ar fáil. Mar chuid den chlár feasachta seo go gcuirfear eolas ar fáil faoina deiseanna fostaíochta a bhaineann leis an nGaeilge, anseo in Éirinn agus in Institiúidí Aontas na hEorpa

## Rochtain ag na daoine is soghonta sa tsochaí

- Go gcuirfear tacaíocht faoi leith ar fáil do scoileanna DEIS
- Go mbeadh an tacaíocht seo ar fáil i nGaeilge sna scoileanna DEIS sna ceantair Ghaeltachta

## Freastal bheartais na Roinne ar riachtanais na hearnála Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

- Go mbeadh rogha na Gaeilge ar fáil ag gach gníomhaíocht sa réimse seo

## Feabhas a chur ar na beartais sin

- Gníomhú de réir na moltaí atá aitheanta ag Conradh na Gaeilge san aighneacht seo

## Na dúshláin is gá a shárú

- Níl dóthain cúrsaí Gaeilge, idir cúrsaí Céime agus cúrsaí Iarchéime ar fáil anois

- Níl an córas ina iomláine ag cur dóthain Céimithe ar fáil atá inniúil sa Ghaeilge chun freastal ar riachtanais an córas oideachais, maidir le múinteoirí do bhunscoileanna agus meánscoileanna na tíre
- Tá fadhb faoi leith maidir le heaspa Céimithe atá cáilithe mar mhúinteoirí atá inniúil chun múineadh sa chóras oideachas Ghaeltachta agus Gaeloideachas

### **An bhfuil an Roinn ag díriú a dhóthain faoi láthair ar na dúshláin sin a shárú?**

- Níl. Tá na fadhbanna seo aitheanta le fada ach is in olcas atá na fadhbanna ag dul seachas a mhalairt. In ainneoin na Roinne a bheith ar an eolas faoin réimse fadhbanna is beag céim atá glactha chun dul i ngleic leo

### **Tuairimí ginearálta ar threo straitéiseach na Roinne**

- Ní léir go bhfuil aon iarracht chomhtháite straitéiseach déanta ag an Roinn chun tabhairt faoina fadhbanna atá sainaitheanta maidir le soláthar oideachas tríú leibhéal i nGaeilge

### **An bealach is fearr inar féidir an Roinn a shainchúram a chomhlíonadh**

- Gníomhú ar mholtaí Chonradh na Gaeilge mar atá aitheanta san aighneacht seo
- Tarraingt ar an taighde atá déanta maidir le soláthar oideachas tríú leibhéal i nGaeilge
- Tarraingt ar an taighde, náisiúnta agus idirnáisiúnta atá déanta maidir le buntáistí an ilteangachais

### **Aon tuairimí eile a d'fhéadfadh cabhrú linn an Straitéis nua a fhorbairt**

Tá sé riachtanach go mbeadh Plean Straitéise na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta comhtháite le Straitéis agus pleananna eile de chuid an Rialtais i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta, ach go háirithe: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge de chuid Rialtas na hÉireann; An Polasaí Um Oideachas Ghaeltachta de chuid na Roinne Oideachais; an Próiseas Pleanáil Teanga (sa Ghaeltacht & Iasmuigh den Ghaeltacht) mar atá rianaithe in Acht na Gaeltachta 2012